Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0428(NLE)**

**16139/22**
**ADD 1**

**AELE 48**
**EEE 44**
**N 74**
**ISL 38**
**FL 34**
**MI 956**
**JAI 1698**
**TELECOM 529**
**DATAPROTECT 370**
**CYBER 410**
**CSC 591**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Nollaig 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 741 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus ar Phrótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE (NIS) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 741 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 741 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.12.2022
COM(2022) 741 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus ar Phrótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE**

**(NIS)**

# IARSCRÍBHINN

## CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

**Uimhir […]**

**an […]**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus Prótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann slándála líonraí agus córas faisnéise ar fud an Aontais [1] le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Tá Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/151 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2018 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tuilleadh sonraíochta ar na heilimintí atá le cur san áireamh ag soláthraithe seirbhíse digití chun na rioscaí a bhaineann le slándáil líonraí agus córas faisnéise a bhainistiú agus maidir leis na paraiméadair lena gcinntear an bhfuil tionchar suntasach ag teagmhas[2], le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Chun go bhfeidhmeoidh Comhaontú LEE go maith, tá Prótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE le leathnú chun go n-áireofar an Grúpa Comhair arna chur ar bun le Treoir (AE) 2016/1148.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn XI agus Prótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 5cp (Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE:

'5cpa. **32016 L 1148**: Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann slándála na gcóras gréasán agus faisnéise ar fud an Aontais (IO L 194, 19.7.2016, lch. 1).

Módúlachtaí maidir le comhlachas Stáit CSTE i gcomhréir le hAirteagal 101 den Chomhaontú:

---

[1] IO L 194, 19.7.2016, lch. 1.

[2] IO L 26, 31.1.2018, lch. 48.

Beidh Stáit CSTE iomlán rannpháirteach sa Ghrúpa Comhair agus beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna acu ann agus a bhíonn ag na Ballstáit den Aontas, cé is moite den cheart vótála.

5cpaa. **32018 R 0151**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/151 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2018 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tuilleadh sonraíochta ar na heilimintí atá le cur san áireamh ag soláthraithe seirbhíse digití chun na rioscaí a bhaineann le slándáil líonraí agus córas faisnéise a bhainistiú agus maidir leis na paraiméadair lena gcinntear an bhfuil tionchar suntasach ag teagmhas (IO L 26, 31.1.2018, lch. 48).'

*Airteagal 2*

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i bPrótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE:

'43. An Grúpa Comhair (Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann slándála do líonraí agus do chórais faisnéise ar fud an Aontais).'

*Airteagal 3*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Íoslainnise agus Ioruaise Treoir (AE) 2016/1148 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/151, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […], ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha ina leith*.

*Airteagal 5*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, […].

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

[…]

*Rúnaithe*
*Chomhchoiste LEE*
[…]

* [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]